

CHAPTER 24

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

LILLIS Ó LAOIRE

Tá ceist an dúchais i gceartlár an aonaigh againn ó bhí blianta an ráthúnais ann. Ba mhínic daoine san am sin ag gearán go raibh na luachanna traidisiúnta á gcreimeadh agus go raibh saint úr le feiceáil i measc mhuintir na hÉireann. Tá a leithéid ag titim amach le leathchéad bliain ach d'aibhsigh an rachmas nua a tháinig ag comhrac an dá aois an choimhlint go láidir. Is mínic a chuirte an locht an tráth úd ar an saibhreas nua seo, a bhí i seilbh mórán daoine den chéad uair.¹ Anois, ó tá deireadh leis, cloistear go mínic go bhfuil daoine níos carthanaí lena chéile in athuair de bharr go bhfuil an bhróg ag teannadh arís eile orainn le blianta beaga anuas. Tuairiscíodh, mar shampla, nár thit an sciar a bhí muintir na hÉireann sásta a thabhairt do charthanachtaí mar chomhartha air seo. Ceanglaíonn a leithéid de thuairimí ceist an dúchais agus ceist na maoinne dá chéile agus déantar nasc díreach idir a bheith beo bocht agus a bheith i d'Éireannach. Meastar go bhfuil luachanna ar nós na comharsanachta, na garaíochta agus an chairdis ar chuid de chroíluachanna mhuintir na hÉireann. Dá réir sin, má bhagraíonn athruithe sóisialta claochlú bunúsach a chur ar na luachanna sin, meastar go bhfuil deireadh ag teacht le tuiscint na nÉireannach ar a ndúchas. Meastar chomh maith go bhfuil an dúchas ag dul i léig agus go bhfuil Éire nua ag teacht chun cinn nach n-aithníonn an dream a bhíonn ag gearán faoin athrú feasta. Tá leaganacha de na coincheapa sin sa timpeall le fada agus is féidir iad samplaí díobh a fheiceáil ón seachtú haois déag agus go deimhin anuas go dtí aimsir an Ghorta Mhóir (1845-50).²

Dar ndóigh, más bunúsach féin iad níl i luachanna traidisiúnta sóisialta ach cuid den dúchas. Dar le Diarmuid Ó Giolláin,

Ciallaíonn 'dúchas' an cultúr agus an nádúr....Ciallaíonn 'dúchas...an nádúr dosheachanta agus an oidhreacht. Baineann an réigiún arb as

Lillis Ó Laoire

do dhuine agus an teanga a labhrann sé lena oidhreacht, mar a bhaineann a mheon.³

Sa staidéar cuimsitheach atá déanta ag Peter McQuillan ar an choincheap, léiríonn sé gur smaoineamh bunúsach a bhí i gceist leis an dúchas ag dul siar go dtí an séú haois déag. Tá an téarma le feiceáil go háirithe i gcomhthéacs na coinbhleachta a bhí chomh mór sin i gceist san am sin. Is téarma é atá bunaithe ar an fhocal ‘dúthaigh’ agus an iarmhír — *as* curtha leis. Sa tréimhse luath sin is don talamh agus don tír go speisialta a bhain sé ach léirítear trasnaíl áirithe idir an ‘dúthaigh’ nó an ‘dúiche’ agus an dúchas mar léiriú ar nádúr inmheánach an duine. Tháinig athrú suntasach ar an scéal sin go dtí sa lá inniu go meastar gur coincheap siombaileach atá i gceist leis an téarma *dúchas*. Seasann sé seo do luachanna spioradálta agus idé-eolaíochta an duine aonair go príomha, cé go leanann na seanbhríonna an focal i gcónaí ag leibhéal tánaisteach. Tagraíonn McQuillan do bhreithiúnas Bhreandáin Uí Dhoibhlin⁴ ar thuiscint an dúchais mar smaoineamh a d’fhás an-chúng agus an-chúng i gcúrsaí litríochta sa Ghaeilge le linn na hAthbheochana.⁵

Ní i gcúrsaí litríochta amháin a fheictear an cúngú seo ar choincheap an dúchais san fhichiú haois. Baineann an cúngú céanna ar bhealaí leis an chaoi ina bhfuil canóin oifigiúil amhrán tagtha chun cinn ag an Oireachtas, príomhionad do léiriú agus do chur chun cinn an chultúir Ghaelaigh le blianta fada. Tá lárionad ag an fhéile sna meáin Ghaeilge. San fhéile féin cuirtear béim mhór ar an amhránaíocht mar cheann de sheoda an traidisiúin, ainneoin gurb é an damhsa ar an sean-nós is mó a mheallann lucht leanúna anois, ó bunaíodh an comórtas sin ag Oireachtas Chaisleán an Bharraigh sa bhliain 2000.

Maidir leis an amhránaíocht ar an sean-nós tá a scéal féin aici. O athbhunaíodh an tOireachtas i 1939, tá lámh in uachtar ag amhránaithe as Contae na Gaillimhe sna comórtais amhránaíochta agus is iad is minice a thugann leo na príomhghuaiseanna sna rannóga sin. Is de bharr líonmhaire na n-iomaitheoirí agus bhríomhaire na n-ealaíon dúchais i nGaeltacht na Gaillimhe a thit cúrsaí amach mar sin. Ní gá ach smaoineamh ar ainmneacha na n-amhránaithe as Gaillimh a bhíodh ag triall ar an Oireachtas sna laethanta luatha chun go dtuigfí go raibh grúpa i gceist a raibh talann faoi leith acu, gan cheist ar bith: Seosamh Ó hÉanaí, Seán Jeaic MacDonnchadha, Seán ‘Ac Dhonnchadha, Sorcha Ní Ghuairim agus Máire Áine Ní Dhonnchadha gan ach cuid de na ceannródaithe a lua. Cruthaíonn an neart réigiúnach seo i gConamara agus in Árainn dúshlán mór do na ceantair Ghaeltachta eile, go leor díobh nach bhfuil chomh mór ná chomh láidir le Gaeltacht na Gaillimhe maidir le labhairt na teanga ná le cur chun cinn na siamsaíochta. Ní hé nach féidir é a dhéanamh, agus is díol suime na hiomaitheoirí a tháinig chun cinn sna Gaeltachtaí eile le seal de bhlianta, go háirithe i gceantair ar nós na Rinne, cuirim i gcás, nach bhfuil an daonra chomh

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

mór sin iontu. Tá muintir Thír Chonail tagtha chun cinn chomh maith le muintir Mhúscraí, agus le roinnt blianta beaga anuas, bíonn níos mó de mhuintir Mhaigh Eo ag triall ar an fhéile. Measaim féin go bhfuil dúshlán faoi leith ag muintir Mhaigh Eo sna comórtais amhránaíochta agus is air sin ba mhaith liom m'aird a dhíriú san alt ghearr seo. Is chun machnamh agus díospóireacht a spreagadh ar an cheist a dhéanaim é seo.

Dá laige í Gaeltacht Mhaigh Eo, tá sí ann i gcónaí.⁶ Tá spéis mhór á cur ina todhchaí le gairid.⁷ Chomh maith leis sin, tá gluaiseacht na Gaelscolaíochta préamhaithe go láidir sa chontae anois agus cainteoirí líofa misniúla á gcur amach as na scoileanna sin. Tá saibhreas mór sna cartlanna a bhaineann le hoidhreacht amhránaíochta Mhaigh Eo, saibhreas atá ionchurtha lena bhfuil ag aon réigiún eile sa tír, agus a chuirfí ar fáil ach beagán cuardaigh a dhéanamh. Is dóigh gur féidir clú Mhaigh Eo i gcúrsaí amhránaíochta a rianú siar ar a laghad go dtí an t-ochtú haois déag nuair a thug an scoláire Pádraig Ó Loingsigh cuairt air agus é ag lorg amhrán d'Edward Bunting, ar bhuail an flosc iontach bailithe sin é ag Féile na gCláirseoirí i mBéal Feirste i 1792. De réir gach cuntais, ní raibh moill ar an Loingseach amhráin a mhealladh as na daoine agus fuair sé roinnt mhaith de na hamhráin a bhí i mbéal an phobail san am sin in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.⁸ Tá fianaise fhlúirseach ar an chuairt sin le fáil sna heagrán atá foilsithe de shaothar Bunting, ina bhfuil a lán, lán ábhair as Contae Mhaigh Eo.⁹ San aiste bhreá a scríobh Brian O'Rourke faoi na hamhráin agus Maigh Eo, tagraíonn sé don iliomad amhrán a luaitear an contae iontu. Tagraíonn sé chomh maith don éagsúlacht mhór a bhaineann le hamhráin Mhaigh Eo agus amhráin a luaitear Maigh Eo iontu. I ndeireadh na haiste sin, luann sé pointe a bhfuil fóroin ag baint leis, is é sin, gurb iad amhránaithe Gaeilge na Gaillimhe, amhránaithe Chonamara agus Árann, a choinnigh na hamhráin seo beo ionas go dtuigfí pobal níos leithne an áilleacht agus an bhreathacht a bhaineann leo.¹⁰

Tá cuid den fhírinne aige ansin, dar liom, ar na cúiseanna atá mínithe agam. Ar na hamhráin is mó atá i mbéal na n-amhránaithe sean-nóis tá go leor, leor acu a bhfuil ceangal de chineál éigin acu le Maigh Eo. Is minic a chastar le muintir Chonamara é i modh grinn, gur lú go mór an líon amhrán a bheadh acu mura mbeadh cuid Mhaigh Eo acu. Cé nach bhfuil sé sin fíor, ina dhiaidh sin is díol suntais agus iontais an oiread sin de phríomhamhráin an tsean-nóis a bhfuil an contae luaite iontu, nó ina shuíomh acu. Léiríonn líonmhaire na n-amhrán as Maigh Eo i nGaillimh an bheocht a bhí san amhránaíocht tráth ba Ghaeltacht formhór an Iarthair. Go deimhin, ní go Gaillimh amháin a scaip cuid amhrán Mhaigh Eo. D'imigh siad leo ó thuaidh go Dún na nGall chomh maith agus tá a rian sin le tabhairt faoi deara sa chontae sin fosta. Má tá leaganacha de 'An Caisdeach Bán' coitianta ar fud Chonamara, tá na leaganacha Conallacha ann a léiríonn cén iarraidh a bhí ag an phobal ar amhráin mhaithe a raibh scéal láidir iontu ba chuma cén chuid den tír arbh as iad.

Lillis Ó Laoire

I staidéar a rinneadh le fíorghairid, léirítear mar a d'imigh an t-amhrán coscrach caointe sin, 'Liam Ó Raghallaigh', ó dheas go Cúige Mumhan nó gur bhain sé amach cladaí na nDéise i Rinn Ó gCuanach, Phort Láirge. Mar atá ar eolas go forleathan, cuirtear an t-amhrán i mbéal na mná óige a phós é ar an lá céanna ar cailleadh é agus é ag tabhairt an tsagairt abhaile, trasna Shruth Fhada Con in Iorras i ndiaidh dó an lánúin a phósadh ar a chéile. B'amhrán é, is léir, a chuaigh i bhfeidhm go mór ar amhránaithe — lucht cladaí a raibh tuigbheáil mhaith acu ar fheallacht na mara agus ar na tubaistí a lean í.¹¹ Leath an t-amhrán ó thuaidh chomh maith agus tá leaganacha de le fail i dTír Chonaill¹² agus chomh fada soir le deisceart Ard Mhacha.¹³ Cuireann cás-staidéar Uí Ghealbháin in iúl go paiteanta gur aon phobal amháin a bhí i bpobal na n-amhrán san am a caitheadh, agus go raibh na hamhráin ag imeacht trína gcuid gréasán cumarsáide agus trádála ar luas an-tapa. B'éasca arís an scaipeadh nuair a chuirtear dúil faoi leith in amhrán, mar a cuireadh i 'Liam Ó Raghallaigh'. Bhí na hamhránaithe beag beann ar an áit arbh as dó, maidir lena bheith á rá iad féin. Níl mé á mhaíomh leis seo nach raibh dílseachtaí áitiúla i gceist le ceist na hamhránaíochta mar a bhí le gach gné eile de chultúr na ndaoine. Ní hamhlaidh a bhí, ach san am chéanna, níor bhac ar bith iad na dílseachtaí sin ar dhaoine amhráin a thaitin leo a shealbhú agus a ghabháil dá mba mhian leo é. Bhí an dúchas á athchruthú féin gan stró.

Mar mhalairt air sin, i suíomh na gcomórtas inniu, meastar go gcaithfidh iomaitheoirí amhráin as a gceantar féin a rá agus thar aon rud eile, gurb é sin is ciall don fhocal 'dúchasach', an t-ionannú a dhéantar idir an t-amhránaí aonair, a cheantar dúchais agus an leagan den amhrán a roghnaítear. Dá rachadh iarrthóir Muimhneach isteach i gcomórtas, cuirim i gcás, agus amhrán de chuid Chonamara a rá, abair, dhiúltófaí dá leithéid de rogha mar nach raibh an t-amhránaí ag cloí le hamhráin na Mumhan. Mheasfaí sa chás sin, gur cineál cúl le dúchas a bheadh i gceist leis an ghníomh áirithe seo. Go deimhin, tharla a leithéid ag Oireachtais san am a chuaigh thart agus ní mó ná sásta a bhíodhas leis na hamhránaithe a rinne é.

Mar sin de, cuireann an chanóin, mar atá sí again inniu, béim an-láidir ar chaomhnú na leaganacha áitiúla. Bíonn daoine go minic ag caint ar leaganacha Chonamara, nó leaganacha Chorca Dhuibhne, nó leaganacha na Rinne, cuirim i gcás d'amhráin faoi leith. Má dhéantar staidéar ar na leaganacha sin, feictear go minic gur eascair siad ó amhránaí amháin trí mheán taifeadadh fuaimne agus go bhfuil stádas acu anois mar leagan ionadaíoch réigiúnach. Seasann na leaganacha seo, leaganacha a fuarthas ó amhránaithe aithnidiúla, d'aitheantas an cheantair ar fad. Is féidir, cuirim i gcás, 'Caoineadh na dTrí Muire' le Seosamh Ó hÉanaí a lua.¹⁴ Is leagan é seo a aithnítear le Conamara ar an chaoi chéanna agus a seasann Seosamh féin do leagan áirithe d'aitheantas Chonamara ar mhórán bealaí. Ach arís is leagan é a bhí aige féin agus ag cúpla duine eile in áit amháin i gConamara. Bhí leagan eile den iomann chéanna ag Sorcha Ní Ghuairim agus

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránatochta i Maigh Eo

fonn iomlán difriúil aicise air.¹⁵ Ní dheachaigh an leagan sin i bhfeidhm chomh mór sin ar an phobal, agus mar sin ní shamlaítear é leis an cheantar ar an dóigh chéanna, mar chuid den sainaitheantas speisialta sin, a dhealaíonn an réigiún ó réigiúin eile. Go hachomair mar sin, ionannaíonn an chanóin leaganacha áirithe de na hamhráin le ceantair áirithe agus uaireanta le hamhránaithe áirithe, mar atá tarlaithe i gcás Sheosaimh Uí Éanaí. Tá claonadh ag an ionannú sin stálú agus reo ionas nach féidir mórán athraithe a chur air.

Is féidir samplaí eile de chruthú na canóna a thabhairt chomh maith. Cuirim i gcás an t-amhrán ‘An Mhaighdean Mhara’, ceann atá fíorchoitianta sa lá inniu agus a bhfuil eolas fairsing ag daoine air. Is tríd an Oireachtas a tháinig sé sin chun cinn. Ba iad muintir Eoghain Éamoinn, Gallchóirí Dhobhair, Cití agus Áine a thug an t-amhrán sin ar aghaidh ag an Oireachtas an chéad lá. Fuair siad féin é ó Shíle Mhicí Ní Ghallchóir, comharsa dóibh a bhí dhá ghlúin go maith níos sine ná iad agus a raibh stór breá seanamhrán aici.¹⁶ De thairbhe go mbíodh an bheirt dheirfiúracha á chanadh ag an Oireachtas chuaigh an t-amhrán i mbéal an phobail agus tosaíodh á fhoilsiú i leabhráin amhrán. D’fhág sin níos fusa é teacht air agus scaip sé go héasca. Is dóigh gurbh é an t-aitheantas ba mhó a fuair an t-amhrán, gur canadh é sa scannán *The Secret of Roan Inish*.¹⁷ Is díol spéise gurbh í Eibhlín Ní Bheaglaioich, as fine aitheanta amhránaithe de chuid Chorca Dhuibhne an t-amhránaí sa scannán sin, seachas amhránaí as Tír Chonaill, mar a bheadh riachtanach de réir ghnás an Oireachtais. D’fhág an scannán sin gur chualathas an t-amhrán ar stáitse idirnáisiúnta ar scála i bhfad níos mó ná mar a tharla roimhe sin. Seans go gceisteofaí de bharr an rath seo atá ar an amhrán áirithe sin, cé acu a bhaineann sé le stór an tsean-nóis beag ná mór. Bíonn claonadh ann a thuiscint gur amhráin nach bhfuil eolas chomh forleathan sin orthu atá níos feiliúnaí do stór an tsean-nóis seans. Ina dhiaidh sin, aithnítear gur amhrán Conallach é ‘An Mhaighdean Mhara’ agus dá smaoineodh amhránaí as Gaeltacht eile an t-amhrán sin a rá i gcomórtas de chuid an Oireachtais, ní móide go mbreathnófaí air go fabharach. Is léir mar sin, go dtarlaíonn comhtháthú idir na híomhánna éagsúla a fhágann an chanóin righin dolúbtha go maith uaireanta. Bíonn ar amhránaithe glacadh leis sin agus a réiteach féin a dhéanamh leis. Tá an leagan ‘áitiúil’ teoranta do thuiscint a tháinig chun cinn trí mheán na hócáide féin ó athbhunaíodh an tOireachtas i 1939 agus fágann sé deacair é oscailt a aimsiú chun ligean do dhaoine a gcuid roghanna féin a dhéanamh.

Léiríonn scaipeadh an amhráin ‘Liam Ó Raghallaigh’ ó chóstaí Iorrais amach ó dheas agus ó thuaidh san ochtú haois déag, is dócha, gur san amhrán féin a bhí suim tráth a raibh an Ghaeilge fairsing mar urlabhra laethúil agus nach raibh aon réadú déanta uirthi féin ná ar a cultúr. Má d’aithin na hamhránaithe gurbh as Maigh Eo an t-amhrán is léir nár chuir sé as dóibh. Ba é an dúil a chuir siad sa scéal agus i bhfilíocht agus i gceol an amhráin a bhí á ngríosú chun tógála agus chun canta. Tá an tuiscint sin le feiceáil chomh maith sa scéal a insítear faoin

Lillis Ó Laoire

amhrán iomráiteach sin ‘Fóchar’ nó ‘Eochaill’, nó ‘Maidin Fhómhair’, mar is fearr aithne air i dToraigh. Deirtear sa scéal sin gur as Connachta a tháinig an t-amhrán le duine d’fhoireann báid a thóg ó bhean Chonnachtach é, le linn don fhoireann a bheith thiar i gConnachta sa tseanam. Nuair a chuala sé an t-amhrán, chuir fear Thoráí dúil ann. D’iarr sé ar an bhean é ar chuala sé aici é agus thug sí dó é. D’éirigh leis é a thógáil uaithi agus thug sé leis go Toraigh é. Uaireanta, deirtear gur thug sé scilling di air.¹⁸

Is féidir codarsnacht a fheiceáil idir sin agus an lá inniu, san Oireachtas, nuair a dhéantar ionannú an-láidir idir an stór amhrán agus áit faoi leith. Féachtar ar an stór sin, idir fhocail agus fhoinn mar oidhreacht atá seasmhach gan athrú, cé nach bhfuil aon riail oifigiúil ann a chuireann é sin in iúl. Iarrtar ar an amhránaí ‘dhá amhrán dhúchasacha’ a bheith ar a thoil aige. Is é an tuiscint neamhráite, thostach atá ann, mar sin féin, go gcaithfidh amhránaithe as ceantair faoi leith cloí le stór amhrán faoi leith. Ionannaítear an duine, a áit agus stór na n-amhrán a mbíonn fáilte roimhe ar láthair chomórtais na n-amhrán sean-nóis ag an Oireachtas. Má chuireann amhránaí suim in amhráin as ceantair eile agus má fhoghlaimíonn sé nó sí iad, níl aon locht air, a fhad agus go ndéantar go príobháideach é. Is minic a bhíonn amhráin as ceantair taobh amuigh dá n-áiteacha dúchais ag amhránaithe éagsúla, ach is annamh a deir siad na hamhráin sin ag ócáidí oifigiúla poiblí. Le cúpla bliain anuas, mar sin féin, tá amhráin den sórt sin canta ag Seosamh Mac Donnchadha i gcomórtais éagsúla. As an Cheathrú Rua i gConamara ó dhúchas, chan seisean amhrán de chuid na hAlban, ‘Ailean Donn’ sa bhliain 2011 agus leagan Muimhneach de ‘Bruach na Carraige Báine’, blianta eile, i gcomórtais sean-nóis an Oireachtais. Is mar cheistiú ar chóras chalctha atá i réim ag an Oireachtas a dúirt sé na hamhráin sin. Is dána an té a mhaífeadh nach mbaineann dúchas leis an dá amhrán atá i gceist, ach ní hionann sin is a rá gurb ionann an dúchas sin agus an ceann a chuireann an tOireachtas chun cinn. Thuig Seosamh é féin nach raibh sé ag cur lena sheans duais a fháil sa chomórtas nuair a chan sé na hamhráin sin. Ina dhiaidh sin, dar leis i gcónaí gurbh fhiú an cheist a ardú. Is díol suntais gur bhuaigh Seosamh Comórtas Sheáin Eoghain Uí Shúilleabháin d’amhráin nua-chumtha i stíl dúchasach chomh maith leis an amhrán suairc, ‘Máirín Mháirtín Taimín Sheáinín Sheáin’ sa bhliain 2012.

Eascraíonn brú eile as na tuiscintí sin maidir le leaganacha na n-amhrán. Is é sin, má tá cleachtas áirithe ann i leith fhoghlaim agus rá na n-amhrán a bhfuil beannacht aige, cuirtear in iúl go bhfuil stór áirithe amhrán a bhfuil beannacht aige chomh maith. Níl aon cheist ach go bhfuil beannacht ag stór breá amhrán Chonamara agus ag na hamhránaithe cumasacha a thugann duaiseanna Oireachtais leo, bliain i ndiaidh na bliana, ó bunaíodh an tOireachtas arís sa bhliain 1939. Sa chás seo, tugtar faoi deara gur bhuaigh beirt as Baile Átha Cliath príomhchomórtas an Oireachtais, Corn Uí Riada, agus gurb é stór amhrán agus

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

stíl amhránaíochta Chonamara a bhí acusan.¹⁹ Dar liom féin go bhfuil máistreacht chomh mór sin léirithe ag amhránaithe Chonamara ar an sean-nós, ar a stíl agus ar a stór amhrán, go bhfuil ionannú iomlán geall leis déanta idir an dá rud. Is é sin nach amhrán ar an sean-nós go hamhránaí as Conamara agus go hamhrán as Conamara.

Ag Oireachtas na bliana 2007 i gCathair na Mart, d'eagraigh Máirtín Mac Donnchadha, clár-reachtair Raidió na Gaeltachta i gCaisleán an Bharraigh an tráth úd, seisiún mór a dhírigh ar amhráin Mhaigh Eo in Óstán Chathair na Mart. Ba díol suntais an slua ollmhór daoine a tháinig chuig an ócáid agus a dúirt amhrán. Bhí mórtas cine áirithe le sonrú ar an chruinniú. A lán acu siúd a tháinig, b'as Contae Mhaigh Eo iad féin agus b'iontach an spéis a léirigh siad sna hamhráin. Ina dhiaidh sin féin, is beag amhránaí as Maigh Eo a rinne aon dul chun cinn mór sna comórtais. Cé go bhfuil duaiseanna buaite ag amhránaithe as Maigh Eo i gcomórtais na bhfear agus na mban, níor thug aon amhránaí as Maigh Eo Corn Uí Riada chun an chontae sin go fóill agus is tearc líon na n-amhránaithe i gcomórtais na mban agus na bhfear. Dá ainneoin sin tá roinnt amhránaithe tagtha chun cinn le blianta beaga anuas agus is comhartha dóchais é a leithéid go bhfuil siad ann. Ritheann ainmneacha Thraolaigh Uí Chonaola agus mhuintir Mhongáin liom mar shampla.

Tá caighdeánú áirithe le tabhairt faoi deara ar an amhránaíocht go ginearalta, bunaithe ar na próisis a bhfuil cur síos déanta agam orthu. Tá brú níos mó dar liom ar mhuintir Mhaigh Eo druidim i leith stíl agus nós na Gaillimhe de bharr a ghaire is atá siad dá chéile dar liom. Is próiseas é an caighdeánú cultúrtha a thagann chun cinn faoi thionchar gluaiseachtaí náisiúnta, mar atá léirithe ag Kevin Whelan. Nuair a théann na gluaiseachtaí seo i bhfeidhm ar chultúr ilghnéitheach béil, de réir a chéile, roghnaítear leagan amháin den chultúr sin a gcuirtear stampa air mar léiriú den scoth ar an chultúr ar fad. As a chéile tosaíonn dreamanna eile ag aithris air agus glactar leis mar chaighdeán. Luann Whelan samplaí mar an iomáint agus an t-athrú a tháinig air faoi thionchar Chumann Lúthchleas Gael agus luann sé chomh maith caighdeánú an cheoil traidisiúnta ionas gur glacadh le stíl cheoil an Chláir mar phríomhléiriú den scoth ar an traidisiún sin ina iomláine.²⁰ Cruthaíonn a leithéid de chaighdeánú dúshlán do léirithe eile réigiúnacha nach bhfuair a bheith istigh sa rogha a rinneadh agus a fágadh ar lár dá dhíobháil. Ar lámh amháin aithníonn daoine as na réigiúin sin go bhfuil an scoth i gceist go cinnte leis na léirithe seo atá roghnaithe mar eiseamláirí ar díol suntais agus ábhar aithrise iad. Ar an lámh eile, mothaíonn daoine go bhfuil neamhshuim déanta dá ndúchas áitiúil féin agus go bhfuiltear á rá, ar bhealach, gur oidhreacht den dara grád atá acu féin.

Na hamhráin is mó a bhfuil glacadh leo, is amhráin iad nach bhfuil eolas rómhór orthu taobh amuigh de lucht leanúna an tsean-nóis. Tuigtear gur amhráin ar an sean-nós iad 'Liam Ó Raghallaigh', 'Brídín Bhéasaigh', 'Sagart na Cúile Báine',

Lillis Ó Laoire

‘Sail Óg Rua’, ‘Contae Mhaigh Eo’, ‘Baile an Róba’, ‘An Captaen Ó Máille’ ‘Tá na páipéir á saighneáil’ agus cinn eile mar iad nach mbaineann ach do stór an tsean-nóis agus dó sin amháin. Níl ‘ceansú’ déanta orthu chun iad a dhéanamh feiliúnach don chaighdeán an phobail mhóir mar atá déanta leis ‘An Mhaighdean Mhara’ cuirim i gcás. Tá an dúchas réigiúnach áitiúil i gcónaí le brath ar amhráin den sórt seo. Cothaíonn an tuiscint sin don rud is dúchas ann díospóireacht agus argóint leis an mhórchultúr. Maíonn a leithéid go bhfuil neamhspleáchas éigin i gcónaí i gceist sa chultúr mionlaithe, agus go bhfuil gnéithe áirithe de a dhiúltaíonn an sealbhú a dhéanfadh an mórchultúr orthu.

Foinsí fuaime don amhránaíocht i gContae Mhaigh Eo

Tá roinnt mhaith blianta ó shin anois, d’eisigh Cló Iar-Chonnacht, Glór Mhaigh Eo, dlúthdhiosca a chuir cuid d’amhránaíocht Ghaeilge Mhaigh Eo os comhair an phobail.²¹ Ar na daoine a bhfuil a nguth le cluinstitín ar an díosca, tá, Tomás Ó Máille, Donncha Ó Gallchobhair an t-iar-aire Gaeltachta, Micheál Ó Seighin, Seán Ó Gallchóir, agus daoine eile nach iad. Léirigh an díosca sin go deimhin go raibh oidhreacht bheo amhránaíochta sa Ghaeilge beo sa chontae agus, cé go bhfuil sé as cló anois, is foinse thábhachtach an díosca sin i gcónaí do mhúinteoirí a dtitfidh sé ar a gcrann an oidhreacht sin a chur ar aghaidh chuig glúin úr amhránaithe. Tá téacsanna na n-amhrán sin, nó cuid mhaith acu ar a laghad le fáil in *Leabhar Mór na nAmhrán* a d’fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht.²² Tá sé de bhua agus de bhuntáiste ag an chnuasach seo go bhfuil na téacsanna ann bunaithe ar leaganacha beo de na hamhráin, leaganacha atá le fáil ar thaifeadtaí a d’eisigh Cló Iar-Chonnacht ó thosaigh siad in 1985. Mar sin de, léiriú maith é ar staid na hamhránaíochta Gaeilge sa tír, agus na hamhránaíochta ar an sean-nós, sa cheathrú dheireanach den fhichiú haois agus sna blianta tosaigh den chéad seo, glúin iomlán amhránaíochta atá ag cleachtadh na ceirde. Ábhar dóchais é mar sin na leaganacha breátha atá le fáil sa leabhar seo agus cuid Mhaigh Eo ina measc chomh maith le cách.

Má tá fás agus forbairt le teacht ar líon na n-amhránaithe i Maigh Eo a shaothródh na hamhráin ar an sean-nós agus a mhúnlódh a gcleachtas ar a gceantar dúchais féin, tá gá le foinsí fuaime chomh maith leis na foinsí clóite. Próiseas é seo atá ar siúl ina lán áiteanna. Is é an sainmhíniú a dhéanann Diarmuid Ó Giolláin air:

the recirculation of dead or moribund traditions, the reorientation of traditional cultural production to modern contexts or the heightened definition of existing cultural materials.²³

Is maith an scéal é *Glór Mhaigh Eo* a bheith ar fáil ach níor mhiste foinsí eile a cheadú chomh maith, foinsí ina mbeidh stíl dhúchasach an cheantair le fáil go

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

réidh ag amhránaithe atá ag iarraidh an nós dúchasach a fhoghlaim agus an blas sin a chur ar a gcuid ceoil féin. Tá foinse eile fuaimne d’amhránaíocht Mhaigh Eo le fáil ar an dlútdhiosca *Ambráin ar an Sean-nós* a d’eisigh RTÉ sa bhliain 1994.²⁴ Beirt as an chontae atá le cloisteáil ar an cheirnín sin, Tomás Ó Dónaill as Acaill agus Pádraig Ó Maoilruaidh as Leitir Fhinín i dTuar Mhic Éadaigh. Cé go raibh Tomás Ó Dónaill ar shlua na marbh faoin tráth sin, tháinig Pádraig i mbéal an phobail de bharr an cheirnín seo. Thug Raidió na Gaeltachta suntas dó agus d’fhreastail sé ar ócáidí ar nós na féile Sean-nós Cois Life mar aoi i ndeireadh a shaoil. Is léir uaidh sin an chumhacht atá ag an meán fuaimne athrú a chur ar scéal na hamhránaíochta. Rinne RTÉ na taifeadtaí de Phádraig agus é ina fhear óg sna seascaidí luatha ach níor chualathas iad ar cheirnín go dtí na nóchaidí. Nuair a fuarthas an tuairisc, níor ligeadh ar cairde é, agus aithníodh an cumas a bhí i bPádraig mar amhránaí a shealbhaigh an dúchas ina óige óna mhuintir agus a bhí ábalta é a léiriú i gcónaí. Chuir sé amach leabhar agus dlúthcheirnín²⁵ ina dhiaidh sin agus bhí sé mar aoi ag Máirtín Tom Sheáinín Mac Dhonnchadha ar an tsraith *Comhrá* ar TG4 sa bhliain 2007. Is féidir an clár breá sin a fheiceáil ina iomláine ar *You Tube* agus is mór an t-aoibhneas éisteacht leis an amhrán grinn ‘Sailor’ a bhain clú amach do Phádraig mar chuid den chlár sin. Thrácht Pádraig ar a bhaile mar áit a raibh na hamhráin fíorláidir i measc na ndaoine ann. Dúirt sé chomh maith go raibh mórán amhrán acu atá ligthe i ndearmad ó shin agus nach gcloistear níos mó.²⁶ Mar phointe comparáide, tharla a mhacasamhail chéanna don amhránaí Dara Bán Mac Donnchadha as Carna. Nó go ndeachaigh Raidió na Gaeltachta a thaifeadadh amhrán uaidh sna hochtóidí ar chomhairle ó Josie Sheáin Jeaic, ní raibh mórán iomrá ar Dhara taobh amuigh dá cheantar féin mórán. Chuir pobal na hÉireann aithne air ina dhiaidh sin trína rannpháirtíocht san Oireachtas agus trína taifeadtaí a rinne Cló Iar-Chonnacht de. Léiríonn scéalta den chineál seo an tábhacht mhór atá leis na meáin chun aitheantas a bhaint amach sa lá inniu.

Is cuid é *You Tube*, a luaigh mé thuas, de shraith nua de dheiseanna cumarsáide atá ar fáil de bharr na nua-theicneolaíochta. Claochlaíonn na deiseanna seo modhanna seachadta an chultúir ar bhealach réabhlóideach. In aois seo an idirlín agus an ghréasáin domhanda, tá an t-ádh linn go bhfuil líon na n-acmhainní atá ar fáil ag fás i gcónaí. Ar cheann de na hacmhainní is spéisiúla agus is tairbhí dá dtáinig chun cinn le seal de bhlianta, tá *Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen*.²⁷ Taifeadtaí fuaimne atá i gceist leis a rinneadh de chainteoirí dúchais Gaeilge i ndeireadh na bhfichidí agus i dtríochaidí luatha san aois seo caite. Wilhelm Doegen, scoláire a bhí ag saothrú in Ollscoil Von Humboldt sa Ghearmáin a chuir ar siúl é. Tháinig sé féin agus a theicneoir fuaimne Karl Tempel go hÉirinn agus sprioc aige taifeadtaí a dhéanamh de chanúintí na Gaeilge. Fuair sé cuidiú ó scoláirí a bhí ag obair in Éirinn lena thionscnamh a chur i gcrích. Rinneadh taifeadadh de 33 cainteoir dúchais Gaeilge as Contae Mhaigh Eo, agus tá a nglórtha siúd le cluinintín

Lillis Ó Laoire

againn anois ar an idirlíon. Tá go leor éagsúlachta i dtaifeadtaí Mhaigh Eo, seanchas, paidreacha agus filíocht á aithris. Ach tá roinnt amhránaíochta ann chomh maith. Ar thriúr den dream is suimiúla a bhfuil amhráin dá gcuid le fáil, tá Bríd Ní Mháille, Pádraig Breathnach agus Patrick McGinty.

Is maith na foinsí iad seo don amhránaíocht ar an sean-nós i gContae Mhaigh Eo agus caithfidh go bhfuil siad ar na taifeadtaí fuaimne is luaithe dá bhfuil againn díobh, céad tríocha bliain i ndiaidh do Phádraig Ó Loingsigh tús a chur le bailiú na n-amhrán sa chontae. Is féidir a fheiceáil go raibh leanúnachas sa traidisiún agus is féidir a fheiceáil chomh maith gur bhain cuid amhrán Gaeilge Mhaigh Eo, mar a luaigh mé cheana, le gréasán leathan cultúrtha a chuimsigh Cúige Uladh agus Chonnacht ar a laghad agus go deimhin ceantair Ghaeltachta na tíre ar fad dairíre. Is féidir cuid mhaith de na hamhráin a aithint ar leaganacha eile a bhfuil eolas níos fearr orthu. Tá amhráin i gceist a bhaineann le Connachta go ginearálta ann agus cinn a shamhlaítear le Contae Mhaigh Eo go sonrath. Arís, faightear na hamhráin seo faoi bhláth ó dheas i gConamara go dtí an lá inniu.

Ceann acu seo ‘An Abhainn Mhór’, amhrán a leagtar ar bhreis is file amháin ach a gceaptar go coitianta gurbh é Séamus Coscar, nó Mac Coscair, a rinne é. Tá seanchas fada ag siúl leis an amhrán seo, údar an amhráin, rud a fhágann níos taitneamhaí é mar phársa de bharr an chomhthéacs sin a bheith aige. Tá leaganacha éagsúla ar an fhonn chomh maith. Cé gurb í an bhunchreatlach nótaí céanna atá ag na leaganacha seo, dar liom féin go gcuireann na héagsúlachtaí atá eatarthu gnéithe éagsúla den amhrán in iúl. Is féidir léargas ar leith a fháil ar stíl agus ar láithriú an tsean-nóis sa ghabháil a rinne Bríd Ní Mháille ar an amhrán. Tógadh an taifeadadh seo ó Bhríd Ní Mháille, bean Uí Ghinealaigh (Ginnelly) ar an 11 Samhain 1930, i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. D’inis Bríd scéal chomh maith, ‘Bhí beirt dheirfiúr ann fadó’, ar mór an spórt a bheith ag éisteacht leis. Tá teacht ann ar chanúint dhílis de chuid Mhaigh Eo agus stíl bhríomhar, tharraingteach scéalaíochta.²⁸ De réir an mhéid atá sa leathanach eolais rugadh í in 1860, rud a d’fhágfadh go raibh sí seachtó bliain d’aois nuair a chuaigh sí go Gaillimh leis an taifeadadh seo a dhéanamh. Sa tuairisc chomh maith, deirtear gurb as Ros Tuirc í, baile fearainn atá ar bhóthar an N59, ar chladach thuaidh Chuan Mó, roinnt mílte soir ón áit a bhfuil Club Gailf na Mala Raithní inniu.²⁹ Ní raibh léamh ná scríobh aici ach bhí labhairt an Bhéarla aici. Tá Brigid Ginnelly (51), bean Thomas Ginnelly (60), agus a gcúigear clainne (Patrick, Mary, Martin, John agus Thomas) le fáil i nDaonáireamh na bliana 1911, ach is i mBun na hAbhna a bhí cónaí orthu, seachas i Ros Tuirc. Bhí Gaeilge agus Béarla ag gach duine sa teaghlach.³⁰ Deirtear nach raibh léamh ag an bhean seo ach oiread. Tá an dá bhaile gar go maith dá chéile. Tá Bun na hAbhna tuairim is ar mhíle siar ó thuaidh ó Ros Tuirc agus níos faide suas ón chladach. Seans gur athraigh an líon tí idir an dá linn. Tá mé ag déanamh amach gurb í seo an bhean chéanna, ar an ábhar go

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

bhfuil an aois ag teacht leis an aois atá ag Doegen agus nach raibh léamh ná scríobh aicise ach oiread. Seo mar a bhí focail an amhráin aici:

Céad slán dhuit, a Abhainn Mhór, sé mo léan gan mé anocht ag do thaobh,
(Is ann) a gheofainnse spórt, ó, tráthnónaí is, ó, go mall tíocht na hoích',
Le gloine ar an mbord ann le comhluadar geanúil 'na suí.

Ó, is nach mise atá sáraithe, ní náir dhom dhá mbris(fí) mo chroí,
Ó, i bhfad ó mo mhuintir, ó, is gan áit agam ag a ligfinn mo scíth,
Is tá mo shúil le Rí na nGrásta (nach mbeidh fán orainn) ach tamall is
caidé an bhrí?

Tá mo ghuailleachaí-sa gointí, is ní áirím tá m'ioscaidí fann,
Tá mo rúitíní gearrthaí ó shíorshiúl na mbóithrí go mall.³¹

Má fhágtar an ghabháil as an áireamh agus gan a bheith ag plé ach leis an téacs amháin anseo, mar a fheicimid thuas anseo é, d'fhéadfaí a chur ina leith go bhfuil sé easnamhach, briste, bearnach go maith. Ach nuair a dhéantar cúram den cheol agus aird faoi leith a dhíriú air, tig linn a fheiceáil gur taifead an-luachmhar atá againn ar an amhrán. Is cuid suntais neart an ghutha féin agus an fórsa láidir lena gcuireann Bríd Ní Mháille an t-amhrán amach. Is mó arís an gheit a bhaintear asainn nuair a smaoinimid go raibh an bhean deich mbliana le cois na dtrí scór. B'fhéidir gurbh é sin ba chúis leis an dearmad a rinne sí ar na focail. Is fiú aird a dhíriú ar fhad chuid de na nótaí atá aici, an fad a bhaineann sí astu agus an bhéim a leagann sí orthu. Is fiú a thabhairt faoi deara chomh maith, má tá na nótaí fada sa cheol go bhfuil rithim láidir ann chomh maith. Nuair a dhéantar é sin, tuigtear go bhfuil léiriú an-spéisiúil againn sa taifeadadh seo ar stíl dhúchasach amhránaíochta, d'ainneoin na mbearnaí atá sa téacs. Is san éagsúlacht idir na míreanna rithimiúla agus na nótaí fada atá cuid mhaith den ealaín a bhaineann leis an phíosa. Ní léir ón ghabháil féin go bhfuil sé bearnach nó go dtéitear i muinín na scríbhneoireachta.

Ó tharla go bhfuil téacsanna breátha iomlána againn den amhrán seo, is féidir neamhshuim a dhéanamh d'éidreoir na bhfocal agus tús áite a thabhairt don ghabháil. Is d'aon turas a deirim don 'ghabháil' agus nach ndeirim 'don cheol'. Cé go bhfuil an ceol anseo cosúil go maith leis na foinn atá ar eolas againn measaim go bhfuil ábhar suime sna difríochtaí chomh maith. Tugann siad pointe léargais eile dúinn, áit a n-osclaíonn siad an bhearna idir an chanóin agus an chruthaitheacht. Spreagann na difríochtaí seo, difríochtaí ar féidir iad a cheangal go cinnte le dúchas Gaeilge agus dúchas ceoil Mhaigh Eo, spreagann siad mothú bróid sa té a thuigeann a dtábhacht. Is é atá againn sa ghabháil, sa láithriú, nó sa taibhléiriú, mar sin, an chuid is suaithní agus is tábhachtaí den taifeadadh seo.

Lillis Ó Laoire

De bharr na fuaimhe, tá ar chumas aon amhránaí a chuirfeadh suim ina leithéid, staidéar a dhéanamh ar na pointí a bhaineann le stíl láithrithe Bhríd Ní Mháille agus a gcuid féin a dhéanamh de. Sa mhéid agus gur dhoiligh d'amhránaí lomaithris dhíreach a dhéanamh ar an taifeadadh, ina dhiaidh sin féin, beidh amhránaí a tuisceanach ábalta cleasanna agus ciútaí stíle a thógáil uaidh agus iad a athmhúnlú ar bhealach a fheileann dóibh féin.

Is í an chruthaitheacht is tuisce a bheidh i gceist san idirghabháil sin a tharlaíos idir an taifeadadh agus an té a rachadh i ngleic leis sa lá inniu. Dar liom gur saibhriú mór a bheadh ina leithéid de phróiseas acu siúd a mhúineann amhránaíocht Ghaeilge i Maigh Eo. Dá gcuirfidís a gcuid scoláirí ag éisteacht leis an taifeadadh seo agus, mar chleachtadh, dúshlán a chur os a gcomhair aithris a dhéanamh ar an stíl sa phíosa ghearr seo, b'fhóna an iarracht é. Dá bhféadfaí é a shíneadh amach agus a chur i bhfeidhm ar leagan iomlán den amhrán, abraimis sé nó seacht véarsa, ag leanúint an téacs atá in *Amhráin Ghaeilge an Iarthair* ag Ó Tiománaidhe, b'fhéidir nó ag Éamonn Mac An Fhailigh in *The Irish of Erris*.³² Tá daoine óga ann a bhfuil an cumas sin iontu ach iad an treoir cheart a fháil ina leith.

Nílimid taobh le Bríd Ní Mháille amháin ar an láithreáin ghréasáin seo do shamplaí amhránaíochta as Contae Mhaigh Eo. Tá beirt eile le cloisteáil ar shuíomh Doegen agus iad ag gabháil cheoil. Sin iad Pádraig Breathnach agus Patrick McGinty. Pléifidh mé leis an mBreathnach i dtosach. B'as Inis Gé ó dhúchas é Pádraig Breathnach cé gur ar Shráid na Céibhe (Quay Street), i mBéal a' Mhuirthead a bhí cónaí air nuair a tógadh an t-ábhar seo uaidh. Dála Bhríde, is i nGaillimh ar an 10 Samhain a taifeadadh an dá mhír a thug sé uaidh. Deirtear go raibh sé 72 san am agus nach raibh aige ach fíorbheagán Béarla. Dhá amhrán a dúirt sé agus chuir sé fonn leis an dá cheann: 'Úna Bhán'³³ agus 'A Mháire Óg na gCian'.³⁴

Ó thrácht mé ar an chanóin is dócha nach bhfuil aon amhrán is mó dá bhfuil i gceist i gcanóin an tsean-nóis ná 'Úna Bhán'. Is amhrán é a ndearna Seán Ó Riada míonchíoradh air sa tsraith sin *Our Musical Heritage*, a craoladh ar RTÉ Raidió go luath sna seascaidí. Cuireadh amach cuid de ina dhiaidh sin mar chomóradh fiche bliain ar an ócáid sin i 1982.³⁵ Chomh maith leis sin, ba é an leagan den amhrán a scrúdaigh Ó Riada, leagan Sheáin Jeaic Mhic Dhonnchadha as an Aird Thiar i gCarna. Chuir Ó Riada an ghabháil a rinne Seán Jeaic ar an amhrán i láthair mar shampla eiseamláireach de stíl an tsean-nóis ar fhíneáltacht agus ar éagsúlacht na seifteanna éagsúla ornáidíochta a d'úsáid an t-amhránaí leis an amhrán a chur i láthair. Agus b'fhíor dó. Is píosa fíorbhreá amhránaíochta é leagan Sheáin Jeaic d'Úna Bhán. Ní haon ionadh é go mbeadh stádas ard aige mar léiriú ar scoth an traidisiúin.³⁶ B'amhrán é a bhíodh go minic ag comharsa agus cara Sheáin Jeaic chomh maith, Seosamh Ó hÉanaí. Thairfead Seosamh leagan de ar cheirnín do Ghael Linn.³⁷ Cloistear an t-amhrán go tráthrialta ag an

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránatochta i Maigh Eo

Oireachtas i gcónaí. Cé go gcloistear an leagan breá a thaifead Máire Áine Ní Dhonnchadha den amhrán anois is arís,³⁸ is minice ná a mhalairt gurb ag leagan Charna atá lámh in uachtar maidir lena ionad i gcanóin na n-amhrán. Is amhrán é a mbeadh sé deacair dáiríre comhrá a thosú faoina ionad nó faoi na leaganacha éagsúla atá ann de ar an ábhar go bhfuil sé chomh bunaithe sin sa chanóin. Bhí an tríú leagan den amhrán ann chomh maith, ar bhaist Breandán Ó Madagáin leagan ‘ealaíne’ den amhrán air, ceann a chóirigh Carl Hardebec.³⁹ De bharr go raibh fáil ar an cheol bhíodh dúil ag amhránaithe a raibh oiliúint léinn orthu sa leagan sin. Dála Bhríd Ní Mháille, tá fórsa agus neart ar leith sa láithriú a dhéanann an Breathnach ar ‘Úna Bhán’. Tá an fonn difriúil go maith ó na leaganacha eile atá againn. Tugtar faoi deara na nótaí fada agus an éagsúlacht rithime arís go díreach mar a bhí ag Bríd. Níl an taifeadadh seo den Bhreathnach i gcónaí cruinn ar na nótaí ceoil agus fágann sin gurbh fhurasta beag is fiú a dhéanamh de. Ach ar an iomlán tá an ceol agus an ghabháil i gceart agus fíorshuimiúil go deo. Mar a mhaígh mé leis an leagan den amhrán a d’fhág Bríd Ní Mháille againn, measaim go bhfuil síol anseo le go bhféadfaí leaganacha nua de cheol ‘Úna Bhán’ a mhúnlú bunaithe air, a chuirfeadh borradh arís faoi dhóspóireacht i leith na canóna, agus a spreagfadh an óige i leith a ndúchas Maigh Eoch.

Tá a leithéid chéanna amhlaidh faoi ‘A Mháire Óg na gCian’. Tá sé de bhuntáiste ag an amhrán seo nach ceann é a chloistear an-mhinic ag comórtais. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon réamhíomhá ag éisteoirí dó agus gurbh fhusa go mór é a chur i láthair mar mhír breise nua sa stór amhrán a nglactar leis mar chuid den sean-nós. Cé nach bhfuil sa taifeadadh ach dhá véarsa tá leaganacha clóite go leor den amhrán ann a luaitear ar an suíomh. Tá leagan seacht véarsa as Maigh Eo ag Micheál Ó Tiománaidhe a fuair sé ó Shéamas Bairéad as Inis Gé.⁴⁰ Is maith an airí ar an amhrán é go ndéanfaí an pósadh agus an t-athchruthú seo.

Amhrán amháin agus an fonn air a dúirt Proinnsias Mac Fhionntaigh (Frank McGinty), (70), feirmeoir as Rinn na Feirste, Baile Chruaich, Co. Mhaigh Eo, do Doegen. Dúirt sé cúpla líne chomh maith de ‘Fáth mo Bhuartha’, ach níor chuir sé aon cheol leis. An ceann ar chuir sé an ceol leis, is amhrán é a aithneofar mar chuid de stór an tsean-nóis gan deacracht dá laghad. Tugtar ainmneacha éagsúla ar an amhrán seo a bhí an-choitianta ar fud Chonnacht agus Chúige Uladh. ‘Is gearr ó rinne mé an pósadh’ an t-ainm atá aige air, ó chéad líne an amhráin. Tugtar ‘Cúradh Croí ar an phósadh’ agus ‘An Chaora Ghlas’ air chomh maith in áiteanna eile. Sampla maith é den earra sin a dtugtar ‘an t-amhrán sciobthaí’ air i mbéarlagar an lae inniu, is é sin, amhrán a roghnófaí don athghlaoch sna comórtais. Tá gné eile den stíl le tabhairt faoi deara sa taifeadadh – cruinneas rithime sa chur i láthair, an rud a fheileann d’amhrán a bhfuil luas níos seolta leis ná mar a bheadh leis na hamhráin mhalla.

Lillis Ó Laoire

Tá taifeadtaí eile fuaimne ar fáil chomh maith nach bhfuil an spás agam iad a chíoradh go mion anseo. Orthu sin tá na píosaí breátha amhránaíochta atá craolta ag Ian Lee ina shraith fíorspreagúil ‘Siúlach Scéalach’ ar RTÉ, Raidió na Gaeltachta.⁴¹ Craoltar a lán ábhair ar an tsraith seo as Maigh Eo agus is oscailt súl don éisteoir oiread ábhair atá ar fáil as oiread áiteanna ar fud an Chontae. Tá Tomás Ó Dónaill, ar chuir Ian Lee an t-amhrán ‘Uaisle Acla’, le cloisteáil anseo agus is geall le bheith i láthair ag an seisiún bríomhar airneáin a bhí aige le Ciarán Mac Mathúna é i 1957 a bheith ag éisteacht leis an mhír a craoladh ar an chlár seo. Seo é an t-amhrán a cuireadh ar an cheirnín *Amhráin ar an Sean-nós*, ach murab ionann agus an ceirnín tá i bhfad níos mó le fáil anseo. Faighimid an comhthéacs inar taifeadadh an t-amhrán agus seanchas faoin fhíle agus tuilleadh nach é. Tugtar faoi deara an nádúr spraoiúil a bhain le hÓ Dónaill agus é ag caint le Mac Mathúna, gné an-taitneamhach den agallamh.

Mar shampla eile, tá Tomás Ó Gallchóir, as Acaill chomh maith ag ceol an amhráin ‘Cúirt Bhaile Nua’ ar chlár 18 Meitheamh 2013. I 1957 a thóg Ciarán Mac Mathúna é chomh maith. Tá eolas leitheadach ar an amhrán seo tríd an leagan álainn de ar thug Treasa Ní Mhiolláin Corn Uí Riada léi dá bharr nuair a dúirt sí é i 1972.⁴² Ach tá difríocht mhór idir leagan Uí Ghallchóir idir fhonn is fhocla agus leagan Threasa. Véarsa ocht líne agus fonn AABA atá i gceist agus fonn is féidir a aithint faoi ainmneacha eile. Faightear é faoi na hainmneacha ‘Droichead na Tuairne’ agus ‘Ceo Draíochta’, cuirim i gcás. Ach níor chualathas leagan seo Acla ag Oireachtas na Gaeilge le fada má chualathas riamh é. Is leagan breá é atá ina luí i leaba an dearmaid ag fanacht le go n-athmhúsclaítear arís é. Seo na focail mar atá siad ag an Ghallchóireach. Tá siad gar ar bhealaí don leagan atá ag Ó Tiomanaidhe ina leabhar siúd ach ní hionann ar fad iad.⁴³

Lá breá dar éirigh mé ar maidin...

(Doimín Cosgar a chum an t-amhrán seo, as taobh Iorras)⁴⁴

Ó agus lá breá dar éirigh mé ar maidin is mé a’ tarraingt ar Chúirt Bhaile Nuaidh
Cé tchífinn ach Neilí ag gabhail tharam, is ba ródheas é leagan a súl
Bhí an bhráigh aici ba ghile ná an eala ná sneachta dhá shiabadh le gaoith
A dhá cích chorra chruinne nár féachadh is nár milleadh le sméarthacht na hoích.

Is nach fada mo chosa gan bróga is nach fada mo phóca gan pinn
Is nach fada mé ag ól le mná óga ach níorbh fhearr liom a bheith ag ól le
mo mhian
Is an fhad ó a shuighim is ó léighim, níl gal do Shíol Éabh’ dom níos mó
Mo roghain dá bhfaghainnse ar mhná Éire gur le Neilí do ligfinn mo rún.

An Comhrá Síoraí: Cothú agus athnuachan na hamhránaíochta i Maigh Eo

Ó's nach trua mé is mo thumba dhá cartú is mo chonáir dhá bhreacadh ag na saoir
 Maidí dair chróchar dá ngearradh is óganaigh deasa ag gabhail faoim
 Dá mbeinnse i mo luí ar mo leabaidh seacht mbliana san aicíd 'mo luí
 A dhianghrá ach tú a theacht 'un a' bhaile, is fíorchinntí is go n-éireoinn mo shuí.

Ó 'gus brón ar an té nach mbíonn críonna is nach mbeartaíonn an saol mar is cóir
 Sula má dté ar na bannaí a bhíonn daortha is nach féidir a scaoileadh go deo
 Ach comhairle thug mise do dhaoíní is do chailíní síodúil go leor
 Gan bheith ansin a thabhairt duitse ná domsa nó go mbeimis dá chaoineadh go fóill.

Ó 'gus tháinig mé isteach go teach tóraidh is ní raibh aithne rómhór orm ann
 Go raibh agamsa píosa de stól ann agus cailín deas óg ar a cheann
 Theann mé féin léi mar ba choir dom, ní raibh taitneamh rómhór ar mo ghreann
 Ach leis an méid a bhí ag cur ann do taos óg ann is fíor gur chuir mé mo ghlórthaí ina ceann.

Nuair a chríochnaíonn Tomás an t-amhrán is díol suime an comhrá a leanann díreach ina dhiaidh. Deir Ciarán Mac Mathúna leis go bhfuil sé sin cosúil leis an amhrán 'Bean a' Leanna' agus aontaíonn an Gallchóireach. Tugann sé féin cúpla line as an amhrán ansin ach tá difríocht idir iad agus na cinn a bhí ar intinn ag Ciarán — leagan Charna, mar a deireadh Seán 'Ac Dhonnchadha é, a bhí i gceist ag Ciarán agus is léir go raibh a thaisce neamhspleách féin ag Ó Gallchóir.⁴⁵ Meabhraíonn na taifeadtaí ar fad seo dúinn an t-athrú a tháinig ar an stíl amhránaíochta ón aimsir sin go dtí ár n-am féin. Is ceist mhaith í céard is cúis leis na hathruithe sin. Is í fírinne an scéil, dar liom féin, gur gné bheo den chultúr í an amhránaíocht agus gur cheart go mbeifí ag súil leis go dtiocfadh athruithe ar chúrsaí in imeacht na mblianta. Téann sé seo in aghaidh na tuisceana gurb é an caomhnú agus an chosaint is bun don Oireachtas agus do Chonradh na Gaeilge. Tugann sé an téarma *dúchas* chun cinn agus na tuiscintí éagsúla a bhíonn againn air mar fhocal. Luaigh mé cheana saothar Peter McQuillan, agus an tuiscint chlaohlaitheach den dúchas atá le fáil againn de thoradh a chuid taighde. Is eochair é an focal 'dúchas' ar chultúr na Gaeilge agus is iomaí sin míniú is féidir a bhaint as, cuid acu atá cúnag agus cuid eile atá níos leithne. Beidh tuairimí éagsúla ann i gcónaí faoina bhfuil i gceist leis an fhocal dúchas. Tá síol ina leithéid de smaoinemh a chuirfeadh borradh faoi fhás agus faoi fhorbairt chultúrtha san áit a dtáinig lagú ar an ghné sin den chultúr cheana. Is éard atá i gceist agam leis

Lillis Ó Laoire

sin gur cheart go mbeadh amhránaithe Mhaigh Eo agus iad siúd atá ag oiliúint an chéad ghlúin eile de chuid amhránaithe Mhaigh Eo ar an eolas faoi na taifeadtaí seo. As na míreanna éagsúla cartlainne tig linn pictiúr a fháil de sheanleaganacha amhráin Mhaigh Eo atá imithe i léig. Ach is é bua an taifeadta fuaime go dtig lorg na haimsire caite a shealbhú ar bhealach beo. Mar atá ráite ag Tom McKean:

Tradition is communication, the passing on of (social) culture through shared practices and lore. It is an expression of an intense emotional bond between performer and source and, by extension, the cultural manifestations of that relationship at the intersections of memory, orality and literacy.

Deir sé chomh maith:

[t]oday, when that source may be a person, a page, or a recording, it is the performer's *relationship* to it that defines traditionality. What matters is a sense of cultural authority, as important today as it was hundreds of years ago.⁴⁶

Tá na foinsí údarásacha ann a bhféadfadh glúin iomlán úr d'amhránaithe óga as Maigh Eo teagmháil a dhéanamh leo, ar bhonn a chuirfeadh borradh faoin amhránaíocht dhúchasach sa chontae arís. Ar cheann de na tréithe a thugaim faoi deara ar dhaltaí Gaelscoile go minic, tá an mórtas cine agus an mhuintir a bhíonn acu as a gcumas sa Ghaeilge labhartha. Is bua ar leith é sin agus chuirff leis an bhua sin go héasca ach an nasc a aclú idir an ghlúin mhisniúil mhuintíneach seo agus a n-oidhreacht shinsearach dhúchasach, mar atá sé le fáil sna taifeadtaí fuaime agus sna foinsí eile atá pléite agam san alt seo.

NÓTAÍ

1. E.J. O'Boyle, 'Making room in the Celtic Tiger for traditional social values and personal virtues. *American Review of Political Economy*', 5:2 (December, 2007), 59-72.
2. W.R. Wilde, *Irish popular superstitions*, Dublin 1972 [1852], 10-11.
3. D. Ó Giolláin, *An dúchas agus an domhan*, Corcaigh, 2005, i.
4. B. Ó Doibhlin. 'Téama an Dúchais i Nua-Litríocht na Gaeilge, *Aistí Critice agus Cultúir*. Cathair na Mart, 1974, 200-229.
5. P. McQuillan, *Native and Natural: Aspects of Right and Freedom in Irish*, Cork, 2004, 53-4.
6. Féach N. Ó Gadhra, "Gaeltacht Mhaigh Eo," in *Mayo, Aspects of its Heritage*, ead. B O'Hara, Gaillimh, 1982, 123-152.
7. 'Gaeltacht Mhaigh Eo: Bás nó Fás?' Comhdháil Lae in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, Páirt Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, 30 Samhain 2013.
8. 'Diary and Letters of Patrick Lynch', in C.M. Fox, *Annals of the Irish Harpers*, London, 1911, 227-258.
9. D.J. O'Sullivan, *The Bunting Collection 1796: Journal of the Irish Folksong Society. Vol. 5*, Dublin, 1967 [1927].
10. B. O'Rourke, "County Mayo in Gaelic Folksong," *Mayo, Aspects of its Heritage*, ead. B O'Hara, Gaillimh, 1982, 153-200, (198).

An Comhrá Stóráí: Cothú agus athnuachan na hamhránatochta i Maigh Eo

11. C. Ó Gealbháin, ‘Caoinéadh Liam Uí Raghallaigh agus a thuras aduaidh’, *Sealbhú an Traidisiúin*, eag. R. uí Ógáin, N. Ní Shíadhail, M. Ní Úrdail, Baile Átha Cliath 13-24.
12. Bailíodh an t-amhrán ó Nellie McConnell as Leac Conaill, Ard a’ Ratha, faoin teideal “Maighdean na Gruaige Báine.” Féach: http://doegen.ie/LA_1259d1. Rochtain 21 Eanáir 2014.
13. E. Ó Muirgheasa, *Céad de Cheoltaibh Uladh*, Baile Átha Cliath 1915, 140-141, 80. Is léir go ndeachaigh amhráin eile a bhí gaolmhar dó ina gcuid téamaí i bhfeidhm ar an amhrán.
14. S. Ó hÉanaí. *Ó Mo Dhúchas/From My Tradition*. Gael Linn CEFCD191, Baile Átha Cliath, 2007.
15. R. uí Ógáin, eag. *Sorcha: Amhráin Shorcha Ní Ghuairim*, Baile Átha Cliath, 2001.
16. Féach P. Kennedy, *Folksongs of Great Britain and Ireland*. London, 1975, 70, agus R. uí Ógáin, *Is Mise an Fear Ceoil: Séamus Ennis, Dialann Bóthair*, Indreabhán 2007, 433/34 do chuntais éagsúla ar Shíle Mhicí, mar a thugtaí uirthi. Tá grianghraf breá i leabhar Kennedy di.
17. J. Sayles. *The Secret of Roan Inish*. Stáit Aontaithe Mheiriceá, 1994.
18. L. Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*, Indreabhán, 2002, 86-87.
19. Mairéad Ní Oistín (1995) agus Éamonn Ó Donnchadha (1997, 2003, 2005). *Corn Uí Riada: Buaiteoir, 1972-2007*, Indreabhán 2008.
20. K. Whelan, ‘The Bases of Regionalism’. *Culture in Ireland: Regions, Identity and Power*, eag. P. Ó Drisceoil, Béal Feirste, 1993, 5-63, (42).
21. *Glór Mhaigh Eo* Dlúthdhiosca. Rogha Sheáin Uí Éilí d’amhránaithe Mhaigh Eo. Le Tomás Ó Máille, Pádraig Ó Maolruaidh, Micheál Ó Seighin, Donnchadh Ó Gallchobhair, Cáit Nic Suibhne, Micheál Ó Conghóile agus Fiachna Ó Mongáin. CICD125. Indreabhán, 1997.
22. M. Ó Conghaile, L. Ó Tuairisg & P. Ó Ceannabháin, *Leabhar Mór na nAmhrán*, Indreabhán, 2013.
23. D. Ó Giolláin, ‘The Local and the National: Practices of De- and Re-Traditionalization’. *Folklore Fellows* 28, June 2005, 10-13, 16-18, (17).
24. I. Lee. *Amhráin ar an Sean-Nós ó: Dún na nGall, Muigh Eo, Conamara, Ciarraí, Corcaigh, Na Déise agus Ráth Cairn*. RTÉ CD 185, Baile Átha Cliath.
25. P. Ó Maolruaidh, M. Ó Flanagan & P. (Pake) Ó Flanagan. *Góilín as Leitir Fhínlín*. Drealín Community Arts, Achadh Mór, Co Mayo, 2004.
26. <http://www.youtube.com/watch?v=DeZbsX0nAY4>. Rochtain: 3 Samhain 2013.
27. <http://dho.ie/doegen/ga>. Rochtain: 3 Samhain 2013.
28. http://dho.ie/doegen/ga/LA_1130g1. Rochtain 3 Samhain 2013.
29. <http://doegen.ie/node/2317>. Personal Bogen. Bríd Ní Mháille (Leathanach an Eolais Phearsanta). Rochtain: 3 Samhain 2013.
30. <http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Mayo/Newport West/Bu nnahowna/747677/>
31. http://dho.ie/doegen/ga/LA_1130g2
32. M. Ó Tiománaidhe, *Amhráin Ghaeilge an Iarthair*, Eagrán nua le William Mahon, 1992 (1906). E. Mac an Fhailigh, *The Irish of Erris, Co. Mayo*. Baile Átha Cliath 1980 (1968), 105-7. Féach chomh maith S. Ó Duilearga agus M. Ó Gallchobhair, ‘Amhráin Ghaeilge ó Iorru’, *Béaloidias*, 10:1/2 (June/Dec), 210-280.
33. http://dho.ie/doegen/ga/LA_1120d2.
34. http://dho.ie/doegen/ga/LA_1120d1 Féach M. Ó Tiománaidhe, *Amhráin Ghaeilge an Iarthair*, eagrán nua le William Mahon, Indreabhán, 1992 (1906), 27, 105.
35. S. Ó Riada, *Our Musical Heritage*, eag. T. Kinsella, T. ÓCanainn, Maighean Ratha, 1982.
36. Dar leis an Riadach (27): There exists a simple ballad tune by the name of “The Trial of John Twiss”. It is my opinion that this tune and “Úna Bhán” spring from a common archetype, but that, while the ballad-tune remained simple due to the limitations of English ballad verse, the other, in the more elaborated Gaelic tradition, developed and grew into something new and beautiful. Deir sé faoi stíl amhránaíochta Sheáin Jeaic chomh maith (31): Seán Jack ‘ac Dhonncha of Carna is perhaps the only Connemara singer to make more than a generally very limited use of the other types of variation....[H]e is well worth listening to and studying as an example of the Connemara style at its best.
37. S. Ó hÉanaí. *Ó Mo Dhúchas/From My Tradition* 2CD. Gael Linn CEFCD191, Baile Átha Cliath, 2007.
38. M. A. Ní Dhonnchadha, *Deora Aille: Irish Songs from Connemara, Traditional Music of Ireland*. Claddagh, Baile Átha Cliath, 1970.

Lillis Ó Laoire

39. B. Ó Madagáin, 'Irish Vocal Music of Lament and Syllabic Verse', *The Celtic Consciousness*, ed. R. O'Driscoll, Toronto, 1981, 311-332.
40. Ó Tiománaidhe 1992, (1906), 27.
41. http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_siulachscealach.xml. Rochtain 1-12-2013.
42. *Corn Uí Riada: Buaitheoiri, 1972-2007*. Indreabhán, 2008.
43. M. Ó Tiománaidhe, *Amhráin Ghaeilge an Iarthair*, Eagrán nua le William Mahon, Indreabhán, 1992, 20-1, 105. Luann William Mahon leaganacha eile den amhrán chomh maith.
44. Luann Ó Tiománaidhe Doiminic Coscar leis an amhrán 'Scéimh Rinn na Feirste', baile atá idir Cnoc a' Logha agus Baile Chruaich, op. cit. 1992, 5.
45. Siúlach Scéalach Dé Máirt 18 Meitheamh 2013. Le fail ag: http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_siulachscealach.xml. Rochtain: 5 Eanáir 2014.
46. T.A. McKean, 'Tradition as Communication', in *Oral Tradition*, 18:1, 49-50, (49).